Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Samhain 2023
(OR. en)

16212/23

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2023/0390(NLE)**
**2023/0391(NLE)**

TRANS 558
COWEB 154

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 15254/23 + ADD 1<br>ST 15256/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair do 2024 a ghlacadh<br>Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le sraith choiteann rialacha a thabhairt isteach maidir le haisíocaíocht speansas arna dtabhú ag daoine ó lasmuigh de Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair a dtugtar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i gcruinnithe den Chomhphobal Iompair<br>– Glacadh |

*1.* An 8 Samhain 2023,[1] mhol an Coimisiún Eorpach dhá dhréachtchinneadh ón gComhairle maidir le seasaimh an Aontais i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach Chomhphobal Iompair AE-na mBalcán Thiar, ceann amháin mar ullmhúchán don bhuiséad do 2024, an ceann eile chun athruithe a ullmhú ar rialacha maidir le haisíocaíocht speansas arna dtabhú ag rannpháirtithe i gcruinnithe den Chomhphobal Iompair nach bhfuil fostaithe ag an mBuanrúnaíocht. Tá cinntí comhfhreagracha an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh ar an dréachtchlár oibre don chruinniú a bheidh aige an 11 Nollaig 2023.

1

2. Phléigh an Mheitheal um Iompar - Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin an togra an 28 Deireadh Fómhair 2022. Mhínigh ionadaí an Choimisiúin go ndearnadh cur síos táscach ar an dá thionscnamh i gcruinnithe a bhí ag an meitheal roimhe seo. Le hais bhuiséad 2023, is méadú 2 % é an buiséad atá beartaithe le haghaidh 2024. Bhí údar leis sin i ngeall ar athruithe boilscitheacha leanúnacha sa Réigiún agus san Aontas. Leis an méid sin cumhdófar costais reatha na Buanrúnaíochta agus eagrú chruinnithe chomhlachtaí éagsúla an Chomhphobail Iompair. Léirítear ann freisin go ndírítear go láidir ar ghníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta agus ar chúnamh teicniúil do na Comhpháirtithe Réigiúnacha, agus ag an am céanna tagann laghdú ar an leithreasú le haghaidh staidéar. Laghdaítear an t-imchlúdach le haghaidh acmhainní daonna beagán, mar a tharlaíonn don cheann don Chomhairle Aireachta, ós rud é nach bhfuil ach cruinniú amháin beartaithe do 2024.

3. Maidir leis na hathruithe atá beartaithe ar na rialacha aisíocaíochta, thagair ionadaí an Choimisiúin do dheacrachtaí a bhí ann roimhe seo maidir le heagrú taistil agus cumhdach costais le haghaidh rannpháirtíocht saineolaithe i gcruinnithe an Chomhphobail Iompair. Ba é an smaoineamh a bhí ann na rialacha reatha maidir le saineolaithe seachtracha[2] a chumasc leo siúd d'ionadaithe na gComhpháirtithe Réigiúnacha[3], ionas go bhféadfadh suas le beirt a bheith sna toscaireachtaí, de réir an chruinnithe lena mbaineann.

4. Níor chuir na toscaireachtaí aon imní in iúl. Chinn an Uachtaránacht gur tacaíodh i bprionsabal le dréachtseasaimh an Aontais ach thug sí am breise do na toscaireachtaí chun iad a ghrinnscrúdú. Tar éis chruinniú na meithle, níor iarr aon toscaireacht go leanfaí leis an bplé.

---

[2] Cinneadh Uimh. 2020/05 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair maidir leis na rialacha i ndáil le haisíocaíocht speansas arna dtabhú ag daoine ó lasmuigh de Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair a dtugtar cuireadh dóibh freastal ar chruinnithe i gcáil saineolaithe.

[3] Cinneadh Uimh. 2021/02 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair maidir leis na rialacha i ndáil le haisíocaíocht speansais arna dtabhú ag daoine ó lasmuigh de Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair, a dtugtar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i gcruinnithe den Chomhphobal Iompair.

5. Dá bhrí sin, moltar, faoi réir a fhormhuinithe ag Coiste na mBuanionadaithe, go ndéanfaidh an Chomhairle cinneadh maidir le seasaimh an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach mar a leagtar amach iad, tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch,

– i ndáil leis an mbuiséad do 2024, in 15649/23 + ADD 1;

– i ndáil leis na rialacha nua maidir le haisíocaíocht le haghaidh rannpháirtíocht sheachtrach, in 15256/23 + ADD 1[4].

6. Ach a nglacfar é, foilseofar an cinneadh san Iris Oifigiúil agus cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi.

---

[4] Beidh na doiciméid ó na dlítheangeolaithe ar fáil, ar a dhéanaí, an 5 Nollaig 2023, 15.00.